**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
**State Examinations Commission**

***Scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2009***

# *Teicneolaíocht Ábhar - Adhmad*

## *Gnáthleibhéal*

## *Roinn B (60 Marc)*

### *Treoracha*

***(a)*** *Freagair **trí** cheist ar bith. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.*

***(b)*** *Scríobh do scrúduimhir ar do leabhar freagraí agus ar gach bileog eile a úsáidtear.*

***(c)*** *Nuair is gá sceitsí, is féidir sceitsí saorláimhe a dhéanamh nó úsáid a bhaint as an ngrafpháipéar a chuirtear ar fáil.*


***(d)*** *Ní mór **Ceist 2** ón Roinn seo a fhreagairt ar pháipéar líníochta. Ba chóir gach freagra scríofa eile a thabhairt ar an bhfreagarleabhar atá curtha ar fáil.*

**1.** Taispeánann an léaráid seastán planda. Suíonn na potaí bláthanna isteach sna poill chruinne a bhfuil 120mm ina dtrastomhas.

(i) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar mhodh oiriúnach chun an barr **A** a **shiúntáil** leis an taobh **B**.

(ii) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an dá pholl mhóra a ghearradh amach agus iad a dheilbhiú go bailchríoch mhín.

(iii) Ainmnigh **ceann amháin** de na huirlisí a úsáidtear chun na poill a dheilbhiú.
Déan sceitse néata den uirlis seo.




**2.** Sa léaráid, taispeántar líníocht phictiúrtha de thráidire chun trealamh glantacháin a iompar (glantóirí deannaigh, snasán, etc.). Tá an tráidire déanta de M.D.F **10mm.**

(i) Tarraing, ina lánmhéid, **Aghaidhchló** ag féachaint sa treo ina bhfuil saighead **A**.

(ii) Teilg **Taobhchló** ón gcló seo.

(iii) Cuir isteach **ceithre** phríomhthoise ar an líníocht.


*Taispeáin go soiléir na toislínte agus na cinn saighde go léir.*




**3.** Taispeánann an léaráid cruach adhmaid atá á aerstálú.

(i) Déan cur síos ar **trí** chéim thábhachtacha ba chóir a leanúint nuair a bhíonn an chruach á tógáil.

(ii) Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le hadhmad a stálú.



(iii) Scoilteann foircinn na bplanc uaireanta le linn stálaithe.
Déan cur síos ar mhodh **amháin** is féidir a úsáid chun cosc a chur leis sin.

## 4. Freagair 4A <u>nó</u> 4B

**4A.** Sa léaráid taispeántar ciú snúcair a deilbhíodh ar dheil.
Tá an ciú déanta ina dhá leath le halt scriúshnáithe eatarthu.



(i) Mínigh cén fáth a bhfuil sé níos fusa (éasca) an ciú a dhéanamh ina dhá leath seachas in aon phíosa iomlán amháin.

(ii) Mol bailchríoch fhorchurtha oiriúnach don chiú.

Luaigh **dhá** chúis le do rogha.


Mínigh, go mion, conas a chuirfí an bhailchríoch seo air.

(iii) Liostaigh **trí** réamhchúram sábháilteachta nach mór cloí leo nuair a bhíonn deil á húsáid.

**NÓ**

**4B.** Taispeánann an léaráid pictiúr atá le snoí isteach i mbloc adhmaid.





(i) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an pictiúr a aistriú ón bpáipéar anuas ar an adhmad.


(ii) Mol uirlis oiriúnach snoíodóireachta don tionscadal seo.

Déan sceitse néata den uirlis snoíodóireachta.

(iii) Is trí chineál snoíodóireachta iad seo:
(a) Slis-snoíodóireacht
(b) Snoíodóireacht rilífe
(c) Snoíodóireacht sa lántimpeall.

Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus déan cur síos ar **cheann amháin** de na cineálacha snoíodóireachta seo.

**5.** Taispeánann an léaráid cró do mhadra beag atá déanta de shraithadhmad. Níl aon doras air.



(i) Ligeann an cró aer fuar isteach. Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus dear réiteach ar an bhfadhb seo a ligfeadh don mhadra dul isteach agus amach uaidh féin.

(ii) Bain úsáid as nótaí agus sceitsí agus mol athrú **amháin** sa dearadh a dhéanfadh an cró níos fusa le haistriú ó áit go háit.

(iii) Luaigh **dhá** chúis gur rogha mhaith é sraithadhmad mar ábhar don tionscadal seo.